

San Nioclás

Scéal béaloidis ón mBeilg

Fadó, fadó chuaigh triúr páiste amach chun arbhar a bhaint. Bhí siad beo bocht. Ní raibh aon bhia ag a máthair. Mar sin, gach maidin, d'fhág siad an baile chun arbhar a bhaint.

Bhailigh siad dias amháin anseo, dias eile ansiúd, ansin dias eile arís. Shiúil siad, agus shiúil siad. Oíche amháin bhí siad i bhfad ón mbaile agus bhí siad caillte. Bhí sé dubh dorchá agus bhí eagla orthu. Bhí tuirse orthu.

Faoi dheireadh bhí sé chomh dubh le pic agus bhí an-eagla orthu. Cá raibh an bóthar abhaile? D'fhéach siad ar dheis agus d'fhéach siad ar chlé. D'fhéach siad amach rompu agus d'fhéach siad ar gcúl. Ní raibh in aon áit ach an spéir dhubh dhorchá. Ní raibh siad in ann an bóthar a fheiceáil.

Ansin go tobann, chonaic duine de na páistí solas lag i bhfad uathu. Cé go raibh tuirse orthu rith siad agus rith siad go dtí teach beag. Bhí siad an-sásta. Bhuail siad ar an doras;

'Lig isteach muid,
Lig isteach muid,
Lig isteach muid, le do thoil.
Táimid caillte agus Ní a fhios againn cá bhfuil muid.
Lig isteach muid,
Lig isteach muid,
Lig isteach muid.'

Osclaíodh an doras go mall; *íoc...íoc...íoc*.

D'oscail fear mór millteach an doras. Bhí fuil ar a léine. Bhí fuil ar a threabhsar. Búistéir ab ea é. Bhí scian mhór ina lámh aige. Scian an-mhór ar fad.

'Tar isteach, tar isteach, a pháistí!' a dúirt sé.

Chomh luath is a chuaigh siad isteach sa teach, thóg an búistéir an scian mhór. Ghearr sé na páistí ina bpíosáí beaga. Chuir sé na píosáí isteach i mbaraille salainn mar a dhéanfa le bagún.

Bhí máthair na bpáistí an-bhrónach. Bhí sí buartha faoi na páistí. Bhí sí amuigh ar an mbóthar á lorg. Glaoigh sí amach:

'A pháistí, a pháistí
Cá bhfuil sibh?'

Ach ní bhfuair sí aon fhreagra. Bhí sí ag gol is ag caoineadh.

Chuaigh sí amach á lorg an chéad lá eile. Chuaigh sí níos faide síos an bóthar.

Glaoigh sí amach:

'A pháistí, a pháistí
Cá bhfuil sibh?'

Ach ní bhfuair sí aon fhreagra. Bhí sí ag screadadh is ag caoineadh.

Chuaigh sí amach á lorg an chéad lá eile. Chuaigh sí isteach sa choill.

Glaoigh sí amach:

‘A pháistí, a pháistí
Cá bhfuil sibh?’

Ach ní bhfuair sí aon fhreagra. Bhí sí ag screadaíl is ag caoineadh.
Chuaigh sí amach á lorg an chéad lá eile. Chuaigh sí isteach suas ar an sliabh.
Glaigh sí amach:

‘A pháistí, a pháistí
Cá bhfuil sibh?’

Ach níor tháinig aon fhreagra. Chuaigh sí abhaile agus cheap sí go raibh a croí briste. Bhí uaigneas uirthi agus níor stop sí ach ag gol is ag caoineadh.

Cúpla lá ina dhiaidh sin, tháinig San Nioclás go dtí teach an bhúistéara. Bhuail sé cnag ar an doras;

‘Lig isteach mé,
Lig isteach mé,
Lig isteach mé, is mise San Nioclás.’

Osclaíodh an doras go mall; *íoc...íoc...íoc*.

D’oscail fear mór millteach an doras. Bhí fuil ar a léine. Bhí fuil ar a threabhsar.
An Búistéir a bhí ann. Bhí scian mhór ina lámh aige. Scian an-mhór ar fad.

‘Tar isteach, a Shan Niocláis.
Tar isteach, a Shan Niocláis,’ ar seisean.

Chuaigh San Nioclás isteach sa teach. Chuaigh sé isteach sa chistin agus shuigh sé síos ag an mbord. Ansin chuir sé ceist ar an mbúistéir;

‘A bhúistéir, a chara, tabhair dom cuid den fheoil as an mbaraille salainn.’
Ansin bhí eagla ar an mbúistéir. Rith sé amach an doras agus ní fhaca éinne ó shin é.

Chuaigh San Nioclás go dtí an baraille salainn agus chuir sé trí mhéar air;
‘A pháistí, a pháistí, dúisigí, dúisigí!
A pháistí, a pháistí, dúisigí, dúisigí!
A pháistí, a pháistí, dúisigí, dúisigí!’

Dhúisigh an chéad pháiste agus chuimil sé a shúile agus dúirt sé;
‘Ó, mmm, chodail mé go sámh!’

Dhúisigh an dara páiste agus chuimil sé a shúile agus dúirt sé;
‘Ó, mmm, chodail mise go sámh freisin!’

Dhúisigh an tríú páiste agus chuimil sé a shúile agus dúirt sé;
‘Ó, mmm, chodail mise go sámh! Cheap mé go raibh mé ar neamh.’

Ón lá sin amach bíonn San Nioclás ag tabhairt aire do pháistí maithe. Tagann sé ar cuairt chucu ar an séú lá de mhí na Nollag gach bliain. Bíonn na páistí maithe ag fanacht is ag fanacht. Bíonn na páistí eile ...

Bhuel, bígí go maith agus tiocfaidh San Nioclás chuig páistí uile na cruinne!

Retold by: Chantal Muller
Illustrated by: Aline Misson